C/2024/3122

17.5.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/3122)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Cava'

PDO-ES-A0735-AM12

Dáta na teachtaireachta: 23 Feabhra 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

AONAD GEOGRAFACH NUA NÍOS LÚ A ÁIREAMH ('CRIOS')

Tuairisc

Bunaíodh aonad geografach nua níos lú, is é sin 'crios', agus an t-ainm 'Requena' air. Freagraíonn a chríochú don bhardas ar a bhfuil an t-ainm céanna i gcúige Valencia.

Tá an cód sonrach lena sainaithnítear an 'crios' nua tionscnaimh le haghaidh na bhfíonchaor le feiceáil ar na caidhpeanna corónacha ar bhuidéil na bhfíonta atá incháilithe chun an téarma a chur ar taispeáint. Is é atá sa chód na litreacha RE.

Dá réir sin, leasaíodh Ranna 4 agus 8(b)(iii) den tsonraíocht táirge agus Roinn 6 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach dtagann sé faoi réim aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM aonair).

Cúiseanna

Formheasadh leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge in 2021 (PDO-ES-A0735-AM10). I measc pointí eile, cuireadh trí aonad gheografacha níos lú — 'criosanna' — isteach. De bhreis ar 'chriosanna', d'fhéadfadh 'fochriosanna' nó 'parajes calificados' (eastáit aonair) a bheith i gceist le haonaid gheografacha níos lú. Samhlaíodh go mbeadh ceathrú 'crios' ann, ach níor aontaigh an Bord Rialála a raibh an t-iarratas á dhéanamh aige leis an ainm. Ní raibh oibreoirí atá bunaithe sa limistéar sin sásta aon ainm a úsáid seachas an t-ainm 'Requena'. Níor glacadh leis sin nuair ba léir go sáródh úsáid an ainm sin an chosaint a thugtar d'fhíonta ag a bhfuil an ATFC cláraithe 'Utiel-Requena'.

Mar sin féin, thionscain na hoibreoirí réamhluaite an t-ábhar os comhair na cúirte agus tá rialú críochnaitheach faighte acu le déanaí ina bhfabhar. Tá an leasú seo á dhéanamh i gcomhréir leis an rialú sin.

Is é atá sa rialú atá i gceist ná rialú Uimh. 494/2022 an 30 Samhain 2022 ó Ard-Chúirt Bhreithiúnais Mhaidrid. Bhain sé leis an achomharc riaracháin a thaisc comhlachtaí éagsúla i gcoinne chinntí Ardrúnaíocht Theicniúil na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an 13 Lúnasa agus an 2 Meán Fómhair 2021 lena ndéantar na hachomhairc a taisceadh a dhíbhe, agus i gcoinne chinneadh Ard-Stiúrthóireacht Thionscal an Bhia an 3 Meán Fómhair 2021 lenar diúltaíodh d'iarraidh ar chúlghairm agus ar leasú roimh an nós imeachta achomhairc riaracháin i gcoinne chinneadh Ard-Stiúrthóireacht Thionscal an Bhia an 10 Meitheamh 2021 lena bhformheastar foilsiú an rialaithe i bhfabhar an leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Cava'. Le rialú Uimh. 494/2022, níor scriosadh amach as na cinntí thuasluaite ach an lánchosc ar 'Requena' a áireamh mar aonad geografach níos lú ('crios'), agus d'aithin an chúirt, mar an t-aon cheart inghlactha sa dlí, ceart na n-achomharcóirí chun an crios atá i gceist a chruthú tríd an tsonraíocht táirge a leasú.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Thairis sin, maidir le cinneadh bunaidh an 10 Meitheamh 2021 atá faoi chonspóid, luaitear an méid seo a leanas san aonú bunús dlí déag don rialú: 'Dá bhrí sin, leis an gcumhacht a fheidhmíonn an Riarachán Stáit sa réimse seo, ceadaítear an cheist a réiteach tríd an aonad geografach níos lú sin a chur san áireamh, mar a iarradh'.

De bhreis air sin, faoi dhlí na Spáinne (Dlí 39/2015 an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an nós imeachta riaracháin comhchoiteann do luchtanna riaracháin phoiblí), ní chiallaíonn scriosadh amach cuid de ghníomh riaracháin go ndéantar codanna neamhghaolmhara eile a scriosadh amach freisin. Coinnítear gníomhartha agus nósanna imeachta ar bun i gcás ina bhfanfadh a n-inneachar mar an gcéanna gan aon sárú a bheith déanta.

Maidir le dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe seo ar an tsonraíocht táirge, agus i gcomhréir leis an rialú réamhluaite, ní mór é a shiardhátú go dtí dáta theacht i bhfeidhm chinneadh Ard-Stiúrthóireacht Thionscal an Bhia an 10 Meitheamh 2021, a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Stáit an 15 Meitheamh 2021.

Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, i gcinneadh an 10 Meitheamh 2021 lena bhformheastar leasú AM10 ar ATFC Cava, nach ndearnadh ach na codanna sin de lena dtoirmisctear úsáid an téarma 'Requena' le haghaidh an aonaid gheografaigh níos lú atá i gceist a scriosadh amach as rialú 2022. Ní dhéanann an cinneadh sin difear do na leasuithe go léir eile ar an tsonraíocht táirge a formheasadh leis an gcinneadh sin. I bhfocail eile, is é atá san aon cheanglas amháin atá ann sa rialú ná 'Requena' a áireamh mar aonad geografach níos lú ('crios') sna ranna ábhartha de shonraíocht táirge ATFC 'Cava' trí bhíthin an leasaithe seo AM12.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (Ainmneacha)**

Cava

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionnta)**

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Cava — Bán nó Rosé: Fíonta glana geala óna scaoiltear dé-ocsaíd charbóin go leanúnach i bhfoirm boilgeoga beaga ar dhéanamh coirníní. Tá an dath a bhíonn ar Cava bán sa raon ó bhánbhuí go buí ar dhath na tuí; bíonn déine éagsúil ag baint le dath Cava rosé, seachas na cinn rosé a bhfuil dath corcairghorm orthu. De ghnáth, bíonn boladh torthaíoch, boladh beagáinín aigéadach, boladh úr agus boladh cothromaithe ag baint le Cava agus ruainníní blasanna giostacha sa bhlastacht.

Cava 'Gran Reserva' — Bán nó Rosé: Fíonta cothromaithe, agus blasanna torthaí aibí agus cnónna rósta iontu, mar aon le bolaithe agus ruainníní blasanna casta glana a bhaineann le teagmháil fhada leis an moirt.

Cava 'Paraje Calificado' — Bán nó Rosé: Bolaithe casta agus ruainníní mhianraí an limistéir féin agus iad cumasctha go maith, mar aon le blas cnónna rósta. Léiríonn an blas atá air cothromaíocht struchtúrach foirfe, uachtarúlacht agus aigéadacht.

Beidh feidhm ag reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir leis na paraiméadair anailíseacha, i gcás nach socraítear na teorainneacha sa Doiciméad Aonair seo.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10.8

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 10.83

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 160

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní fhéadfar an bunfhíon le haghaidh Cava a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as an sú ón gcéad bhrú ag a bhfuil uastáirgeacht 1 hl úrfhíona/fíona in aghaidh gach 150 kg fíonchaor. Ag brath ar na 'criosanna', ní mór úsáid a bhaint as fíonchaora sláintiúla ina bhfuil cion íosta alcóil nádúrtha 8.5 % de réir toirte nó 9 % de réir toirte. Táirgtear na bunfhíonta trí úsáid a bhaint as an sú ón gcéad bhrú amháin agus gan aon chodanna eile den fhíonchaor a úsáid; le linn fíonta rosé a tháirgeadh, ní mór 25 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ina gcineálacha fíonchaor dearg.

Le linn Cava 'Paraje Calificado' a dhéanamh:

— is é 0.6 hl úrfhíona in aghaidh gach 100 kg fíonchaor an uastáirgeacht eastósctha.

— toirmisctear na nithe seo a leanas: neart alcóil nádúrtha na n-úrfhíonta agus/nó an bhunfhíona a mhéadú go saorga, aigéadú agus dídhathú.

— ní mór aigéadacht iomlán íosta an bhunfhíona a bheith 5.5 g/l (5 g/l i gcás fhíonta eile Cava).

— ní mór pH uasta an bhunfhíona a bheith 3.3 (3.4 le haghaidh fhíonta eile Cava).

2. Cleachtas saothraithe

Meastar plásóga fíonghoirt a bheith ag táirgeadh fíonchaora atá oiriúnach do tháirgeadh Cava amhail tráth an tríú séasúr fáis de chuid an chineáil údaraithe. Ní mór dlús na plandála a bheith idir 1 500 agus 3 500 stoc in aghaidh an heicteáir, agus úsáid á baint as na modhanna traidisiúnta treoraithe cuachphrúnála nó treilíse.

Ní mór, maidir le fíonchaora a úsáidtear chun fíonta a údaraítear chun na tásca 'Reserva', 'Gran Reserva' agus 'Paraje Calificado' a bheith orthu, go dtagann siad ó fhíonghoirt atá 10 mbliana d'aois ar a laghad agus atá deimhnithe ag an údarás inniúil mar fhíonghoirt orgánacha.

5.2. *Uastáirgeachtaí*

1. Cava

12 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. 80 hl in aghaidh an heicteáir

3. Cava 'Paraje Calificado'

8 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. 48 hl in aghaidh an heicteáir

5. Cava 'Reserva' agus 'Gran Reserva'

10 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. 66.66 hl in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar geografach ina bhféadfar na fíonchaora a fhás agus an bunfhíon agus an Cava a tháirgeadh suite laistigh de theorainneacha na mbardas seo a leanas, arna leagan amach de réir cúige sa téacs:

— Álava:

LaGuardia, Moreda de Álava agus Oyón.

— Badajoz:

Almendralejo.

— Barcelona:

Abrera, Alella, Artés, Avinyonet del Penedès, Begues, Cabrera d'Igualada, Cabrils, Canyelles, Castellet i la Gornal, Castellvi de la Marca, Castellvi de Rosanes, Cervelló, Corbera de Llobregat, Cubelles, El Masnou, Font-Rubí, Gelida, La Granada, La Llacuna, La Pobla de Claramunt, Les Cabanyes, Martorell, Martorelles, Masquefa, Mediona, Mongat, Odena, Olérdola, Olesa de Bonesvalls, Olivella, Pacs del Penedès, Piera, Els Hostelets de Pierola, El Pla del Penedès, Pontons, Premià de Mar, Puigdalber, Rubí, Sant Cugat Sesgarrigues, Sant Esteve Sesrovires, Sant fost de Campsentelles, Vilassar de Dalt, Sant Llorenç d'Hortons, Sant Martí Sarroca, Sant Pere de Ribes, Sant Pere de Riudevitlles, Sant Quintí de Mediona, Sant Sadurní d'Anoia, Santa Fe del Penedès, Santa Margarida i els Monjos, Santa Maria de Martorelles, Santa Maria de Miralles, Sitges, Subirats, Teià, Tiana, Torrelavit, Torrelles de Foix, Vallbona d'Anoia, Vallirana, Vilafranca del Penedès, Vilanova i la Geltrú agus Vilobí del Penedès.

— Girona:

Blanes, Capmany, Masarac, Mollet de Perelada agus Perelada.

— La Rioja:

Alesanco, Azofra, Briones, Casalarreina, Cihuri, Cordovín, Cuzcurrita de Rio Tirón, Fonzaleche, Grávalos, Haro, Hormilla, Hormilleja, Nájera, Sajazarra, San Asensio, Tirgo, Uruñuela agus Villalba de Rioja.

— Lleida:

Lleida, Fulleda, Guimerà, L'Albi, L'Espluga Calva, Maldà, Sant Martí de Riucorb, Tarrés, Verdú, El Vilosell agus Vinaixa.

— Navarra:

Mendavia agus Viana.

— Tarragona:

Aiguamurcia, Albinyana, Alió, Banyeres del Penedès, Barberà de la Conca, Bellvei, Blancafort, Bonastre, Bràfim, Cabra del Camp, Calafell, Creixell, Cunit, El Catllar, El Pla de Santa Maria, El Vendrell, Els Garidells, Figuerola del Camp, Els Pallaresos, La Bisbal del Penedès, La Nou de Gaià, L'Arboç, La Riera de Gaià, La Secuita, L'Epluga de Francolí, Llorenç del Penedès, Masllorenç, Montblanc, Montferri, El Montmell, Nulles, Perafort, Pira, Puigpelat, Renau, Rocafort de Queralt, Roda de Berà, Rodonyà, Salomó, Sant Jaume dels Domenys, Santa Oliva, Sarral, Solivella, Vallmoll, Valls, Vespella, Vilabella, Vila-rodona, Vilaseca de Solcina, Vilaberd agus Vimbodí.

— Valencia:

Requena.

— Zaragoza:

Ainzón agus Cariñena.

Bunaíodh ceithre ‘crios’ don limistéar iomlán seo (‘COMTATS DE BARCELONA’, ‘VALLE DEL EBRO’, ‘VIÑEDOS DE ALMENDRALEJO’ agus ‘REQUENA’); tá an chéad dá cheann roinnte ina ‘fo-chriosanna’. Is féidir ‘Parajes calificados’ a chríochú freisin. Is aonaid gheografacha níos lú iad go léir.

7. **CINEÁL(CINEÁLACHA) FÍONCHAOR**

ALARIJE - SUBIRAT PARENT

CHARDONNAY

GARNACHA TINTA

MACABEO — VIURA

MONASTRELL

PARELLADA

PINOT NOIR

TREPAT

XARELLO

8. **Tuairisc ar an nasc (ar na naisc):**

8.1. *a) Tosca nádúrtha agus daonna*

TOSCA NÁDÚRTHA: Ithreacha de chineál aolmhar atá ann den chuid is mó, gan iad a bheith an-ghainmheach, agus tá siad measartha cré-bhunaithe. De ghnáth, bíonn cion íseal ábhair orgánaigh iontu agus ní bhíonn siad an-torthúil.

Tá saintréithe ginearálta ag an limistéar ar saintréithe iad is gnách a bheith ann i dtimpeallacht Mheánmhuirí: séasúr samhraidh an-fhada agus uaireanta fada gréine agus teochtaí arda ann ar fud an earraigh go deireadh an tsamhraidh, agus bíonn éagsúlachtaí móra teochta ann rud a ligeann do na fíonchaora, lena n-áirítear cineálacha lena mbaineann timthriallta níos faide, aibiú go maith. De bhreis air sin, bíonn an leibhéal báistí íseal agus ní bhíonn sí dáilte go maith thar na séasúir. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, le linn na tréimhse ina bhfásann plandaí, go bhfuil an bháisteach gann agus go bhfuil an bhogthaise choibhneasta an-íseal. Mar thoradh air sin, bíonn easnamh suntasach uisce ann, go háirithe i rith na tréimhse aibiúcháin. Maidir leis an aeráid Mheánmhuirí atá ann sa limistéar, is aeráid idirchriosach í, is é sin, idir an aeráid níos cineálta ar an gcósta, mar gheall ar a gaireacht don fharraige, agus aeráid ilchríochach níos crua na limistéar intíre, a bhíonn fuar sa gheimhreadh agus níos teo sa samhradh. Is é atá sa mheánmhéid báistí bliantúil ná 500 mm, agus is minice an bháisteach a bheith ann san fhómhar agus san earrach. Bíonn an limistéar an-gheal, agus thart ar 2 500 uair an chloig de sholas na gréine ann ar an meán, rud is leor chun ligean do na fíonchaora aibiú i gceart.

TOSCA DAONNA: Sa dara leath den 19ú haois, thosaigh teaghlaigh éagsúla fíonóireachta ag déanamh fíonta drithleacha faoin tuath i gcúige Barcelona agus úsáid á baint acu as an modh ar a dtugtaí ‘modh *champagne*’ an tráth sin, ar modh é ina ndéantar an dara coipeadh sa bhuidéal, rud a tháirgeann na boilgeoga. Ba sa bhliain 1872 a rinneadh na chéad bhuidéil Cava i mbardas Sant Sadurní d’Anoia. Tar éis an ‘*tirage*’, stóráladh na buidéil d’fhíon súilíneach in uaimheanna faoi thalamh ina raibh leibhéal dóthanach bogthaise coibhneasta agus teocht chomhthimpeallach a d’fhan thart ar 13/15 C ar fud na bliana, rud a chuidigh le deireadh a chur le creathanna nach mór iad a sheachaint le linn fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéanamh. Is dálaí idéalacha iad sin agus fágann siad gur féidir leis an dara coipeadh, agus le próiseas aosaithe na bhfíonta drithleacha, tarlú i gceart. Le himeacht aimsire, tháinig an t-ainm ‘cava’, lenar sainaithníodh na háiteanna inar stóráladh buidéil d’fhíon drithleach lena aosú, chun bheith mar ainm an fhíona féin sa deireadh. Is iad seo a leanas na cineálacha fíonchaor is mó a fhástar: Macabeo, Xarello, agus Parellada, arb ionann a méid agus 85 % de na cineálacha a úsáidtear chun Cava a dhéanamh. Bíonn na trí chineál sin ann i gcónaí, de réir cionmhaireachtaí éagsúla, sna bunfhíonta a fhaightear ón limistéar geografach críochaithe. Cuidíonn dlús íseal na bhfíniúnacha, is é sin, idir 1 500 agus 3 500 planda in aghaidh an heicteáir, le feabhas a chur ar cháilíocht an bhunfhíona. De bhreis air sin, mar thoradh ar an méid teoranta báistí sa

limistéar agus ar an modh treoraithe cuachphrúnála nó treilíse, ceadaítear méid measartha bachlóg táirgiúil a bheith ann, rud a chuireann teorainn 12 000 kg leis an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir. Ina theannta sin, ní fhéadfar an bunfhíon le haghaidh Cava a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as an sú ón gcéad bhrú, agus uasmhéid 100 lítear d'úrfhíon/150 kg d'fhíonchaora a bheith ann, agus trí aibiú céimnithe a dhéanamh arb é atá i gceist leis ná baint ar leithligh i leith na gcineálacha éagsúla ag a bhfuil leibhéal alcóil féideartha le haghaidh an bhunfhíona idir 9.5 % agus 11.5 % de réir toirte, aigéadacht iomlán > 5 g/lítear agus táscairí anailíseacha lena n-áirithítear cáilíocht sláintíochta an bhairr. Ní mór gaolmhaireacht thart ar 'aon le haon' a bheith ann freisin idir an t-aigéad malach agus an t-aigéad tartarach, mar aon le dálaí táirgthe lena gceadaítear forbairt mhall i leith an dara coipeadh agus idirghníomhaíocht idir an fíon agus an giosta (uathalú) lena dtugtar bolaithe séimhe do na fíonta seo, rud a thugann cáilíochtaí orgánaileipteacha uathúla dóibh.

8.2. *b) Faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge*

Nuair atá an próiseas táirgthe curtha i gcrích agus an dara coipeadh agus an t-aosú déanta sa bhuidéal i dteagmháil leis an moirt, bíonn cion alcóil idir 10.8 % agus 12.8 % de réir toirte ag fíonta Cava AFTC. Saintréith de chuid Cava is ea leibhéil ísle pH, is é sin, idir 2.8 agus 3.4, agus mar sin téann an fíon in aois i gceart le himeacht aimsire, rud a laghdaíonn na rioscaí a bhaineann le hocsaídiú díobhálach. Is fíonta iad seo a bhfuil leibhéal íseal aigéid ghlúcónaigh acu, rud a léiríonn gur úsáideadh fíonchaora sláintiúla.

8.3. *c) Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus saintréithe an táirge*

Mar thoradh ar na hithreacha, agus an aeráid i ndeireadh an tsamhraidh agus san fhómhar á cur san áireamh in éineacht leo ar aeráid í atá measartha cineálta agus tirim, ligtear do na fíonchaora forbairt i gceart, go háirithe sna céimeanna sula mbaintear iad, rud a spreagann na cineálacha éagsúla údaraithe chun aibiú ag tráthanna éagsúla, agus, ar an dóigh sin, táirgtear bunfhíonta maithe chun Cava sláintiúil a dhéanamh ag a bhfuil neart alcóil measartha, aigéadacht ard agus pH íseal. Braitheann bolaithe saibhre treasacha an táirge agus scaoileadh iomchuí boilgeog go hiomlán ar an bpróiseas táirgthe ó *tirage* go dímhoirtiú sna gléasraí atá feistithe go speisialta, rud a fhágann gur féidir leis an dara coipeadh agus le haosú an fhíona forbairt go mall.

9. **Coinníollacha riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar Cava a tháirgeadh i gcúig fhíonlann atá suite lasmuigh den limistéar geografach críochaithe, ós rud é go raibh bunfhíon agus/nó 'Cava' á dtáirgeadh ag na siléir sin sular tháinig Ordú an 27 Feabhra 1986 i bhfeidhm agus gur deonaíodh údarú dóibh dá bhrí sin trí Orduithe Aireachta an 14 Samhain 1991 agus an 9 Eanáir 1992.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Beidh an t-ainm CAVA agus uimhir an bhuidéalóra ar taispeáint ar an gcorc.

Tá sé éigeantach trádmharc atá cláraithe le Clárlann Maoine Intleachtúla na Spáinne (RPI) nó leis an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach a úsáid.

Is iad Cava 'Gran Reserva' agus Cava 'Paraje Calificado' amháin a fhéadfaidh na téarmaí 'Brut Nature', 'Extra Brut' agus 'Brut' a úsáid.

Tá sé éigeantach bliain an fhómhair a shonrú i gcás Cava ‘Reserva’, ‘Gran Reserva’ agus ‘Paraje Calificado’.

Tá an tásc ‘Guarda’ bunaithe le haghaidh fíonta Cava nach ‘Reserva’, ‘Gran Reserva’ ná ‘Paraje Calificado’ iad.

Tá an tásc ‘Guarda Superior’ bunaithe le haghaidh Cava ‘Reserva’, ‘Gran Reserva’ agus ‘Paraje Calificado’.

Tá an téarma ‘Táirgeoir comhtháthúcháin’ bunaithe d’aon toisc amháin le haghaidh fíonlanna a dhéanann 100 % den bhunfhíon a úsáidtear ina Cava a bhrú agus a tháirgeadh, mar tháirgeoirí bunfhíona agus Cava araon, agus a tháirgeann 100 % dá bhfíonta Cava san áitreabh céanna (fíonlann) agus nach gceannaíonn buidéil i suíomh cothrománach (‘*en rima*’) ná inbhéartaithe (‘*en punta*’) ó tháirgeoirí eile.

Tá sé éigeantach marcanna sonracha rialaithe a úsáid.

Ní ceadmhach an tásc ‘Paraje Calificado’ a bheith níos mó ná 4 mm ar airde nó níos airde ná méid an bhranda, agus ní mór é a bheith ar taispeáint taobh le hainm an limistéir atá i gceist.

Nasc leis an tsonraíocht táirge

https://www.mapa.gob.es/es/alimentacion/temas/calidad-diferenciada/dop-igp/htm/documentos_dop_cava.aspx